Athbhreithniú ar **ESB International**

Na Príomhábhair In-athnuaite

Cuirfear €4 bhilliúin isteach i dtionscadail in-athnuaite fuinnimh - gaoth, bithmhais agus teicneolaíochtaí nua san áireamh.

> Tá ESBI tiomanta de ghnó in-athnuaite ar scála a fhorbairt sa bhaile agus san RA agus tá píblíne de 400 MW cumhacht gaoithe á fhorbairt faoi láthair.

Forbhreathnú

Tá ESB International (ESBI) curtha le chéile mar ghrúpa cuideachtaí agus tá sé déanta suas de raon gnóthas ag oibriú sa mhargadh iomaíoch. Is iad na príomhghníomhaíochtaí gnó ná:

- ESB Independent Generation (ESBIG) agus ESB Independent Energy (ESBIE) a sholáthraíonn réiteacha iomaíochta leictreachais do chustaiméirí. Tá ESBIG freagrach chomh maith as oibriú ár bpunainne Athnuachan in Éirinn agus ár sócmhainní giniúna idirnáisiúnta, go príomha sa RA agus sa Spáinn.
- Is eagraíocht innealtóireachta agus comhairliúchán idirnáisiúnta é ESBI Engineering a sholáthraíonn réiteacha innealtóireachta agus áirgiúlachta do Ghrúpa BSL agus réimse leathan de chustaiméirí idirnáisiúnta.
- Soláthraíonn ESBI Facility Management (ESBI*fm*) Oibríocht ghléasra cumhachta agus seirbhísí cothabhála do ESBIG agus do chustaiméirí idirnáisiúnta. Faoi láthair, tá ESBIfm freagrach as oibriú níos mó ná 5,000MW de ghléasra ar fud an domhain.
- Is é ESBI New Investments (ESBI*i*) ár ngrúpa forbraíochta gnó agus tá sé freagrach as deiseanna infheistíochta a aimsiú agus a sheachadadh do Ghrúpa BSL le príomhfhócas ar mhargaí na hEorpa.

Athbhreithniú Oibriúcháin

D'oscail an Margadh Aonair Leictreachais i mí na Samhna 2007 agus chríochnaigh ESBI a chlár feidhmiúlachta in am agus go rathúil agus go dtí seo d'oibrigh sé a chórais trádála go héifeachtúil sa mhargadh nua.

Choinnigh ESBIE suas a stádas láidir i gcodanna Phoblacht na hÉireann agus Thuaisceart Éireann de na margaí Aonair Leictreachais, ag coinneáil scaireanna de 15% agus 20% den mhargadh faoi seach. I 2007 chur ESBIE córas nua billeála custaiméirí i ngníomh agus tá buntáistí suntasacha seachadta aige maidir le héifeachtúlacht oibríochta agus seirbhís feabhsaithe do chustaiméirí. Is ar an earnáil thionsclaíoch agus na hearnálacha tráchtála móra atá príomhfhócas ESBIE, áit ar bhain sé scaireanna margaidh de 35% amach sa dá mhargadh. Ba iad custaiméirí lódfhactóra arda iad an mhórchuid dá chustaiméirí, a soláthraíonn sé seirbhís custaiméirí oiriúnaithe dóibh, duine le duine, tacaithe le réimse de sheirbhísí éifeachtúlachta fuinnimh.

D'fheidhmigh punann ghléasra ESBIG de réir na spriocanna le linn na bliana, ach amháin Chúil na gCaorach, inar tharla éaradh seirbhíse suntasach gléasra i mí Eanáir. Deisíodh an gléasra faoi bharántas agus cé gur tharla caillteanais trádála ábhartha, cóiríodh, trí iarrachtaí an ghnóthais, tionchar airgeadais an éartha seirbhíse roimh dheireadh na bliana. D'fheidhmigh ár ngnó Ábhair Inathnuaite de réir an phlean le linn 2007 maidir le hoibríochtaí feirmeacha gaoithe a bhí ann cheana. Ina theannta sin, dhíol ESBI a ghnó CHP, Ballyragget Power, le linn 2007.

Soláthraíonn ESB Independent Energy Pairc an Chrócaigh lena leictreachas.

D'éirigh go maith le ESBI Engineering le linn 2007, le fás láidir sa bhaile agus i margaí idirnáisiúnta. Ba iad na príomhthionscadail sa bhaile le linn 2007 ná an Clár Iarfheistithe Comhshaoil ag Gob na Muine (MERP) agus tionscadal Átha Fhada 430 MW CCGT. Tá gnó thar lear láidir go fóill le conarthaí tábhachtacha le linn na bliana san Afraic Theas, i Vítneam agus gnó suntasach nua i mBairéin.

D'éirigh go maith le ESBI*fm* freisin, ag comhlíonadh nó ag sárú fheidhmíocht a chonarthaí i ngach fearas cumhachta agus bhain sé bónais amach a bhí níos mó ná mar a bhíothas ag dréim leis as roinnt conarthaí. Is cúis eile áthais dúinn gur shíníomar leathnú ar ár gconradh d'oibríocht agus do chothabháil fearas cumhachta guail 2,100MW Manjung sa Mhalaeisia.

Lean ESBI New Investments ar aghaidh leis an dul chun cinn ar dheiseanna suntasacha sa RA agus sa Spáinn. Chomh maith leis sin chuir sé i gcrích athbhreithniú ar an acmhainneacht d'infheistíochtaí inathnuaite agus rinne dul chun cinn ar raon tionscadal gaoithe in Éirinn. Rinneadh dul chun cinn de réir an phlean ar thógáil fearas cumhachta gásadhainte 840MW Marchwood cóngarach do Southampton. Ina theannta sin, bhog tógáil feirme gaoithe 34MW ag Taobh na nEas i gContae an Chabháin de réir an phlean agus tosóidh sé ag feidhmiú ar bhonn tráchtála i 2008.

Sábháilteacht

Tá 1,160 ball foirne ag ESBI ag oibriú ar thrí mhór-roinn. Oibrimid 5,000MW d'fhearas cumhachta agus tá baint againn le dhá mhórthionscadal tógála le linn na bliana. Bhí trí Dhíobháil Ama Caillte foirne againn agus naoi gcinn i measc conraitheoirí ar fud na n-oibríochtaí go léir le linn 2007. Cuireadh cláir um Fheabhsú Sábháilteachta i ngníomh ar fud an ghnó le béim faoi leith ar ár suímh tógála. Le linn 2007 bhain na ceithre fhearas cumhachta a bhfuil stádas úinéireachta ag ESBI iontu, deimhniú amach de réir an Chórais Bhainistíochta Sábháilteachta foirmeálta, a dtugtar aitheantas do go seachtrach.

Leanadh ar aghaidh le himlonnú sábháilte ball foirne le linn 2007 in áiteanna éagsúla thar lear in Oirthear na hEorpa, sa Mheán-Oirthear, sa Chianoirthear agus san Afraic. Níor tharla aon ghortú foirne de bharr eachtraí sábháilteachta, leighis nó iompair taobh amuigh de na suímh tionscadail seo.

Feirm Ghaoithe Dharaidh Braoin

Tiomantas don Chomhshaol

Feidhmíonn ESBI a ghnóthas ag díriú ar thionchar ar an gcomhshaoil a mhaolú. Tá aitheantas ISO14001 ag ár bhfearais go léir agus níor tharla aon sárú comhshaoil le linn 2007. Trínár bhfochuideachta Hibernian Wind Power táimid tiomanta do ghnóthas Ábhair Inathnuaite scála a fhorbairt sa bhaile agus san RA. Faoi láthair tá 77MW de chumhacht ghaoithe curtha isteach againn in Éirinn, le 34MW á thógáil agus píblíne le níos mó ná 400MW á fhorbairt. De bhreis air sin tá sainacmhainní ESBI dírithe ar theicneolaíochtaí fuinnimh agus gréine de réir mar a thagann siad chun cinn chun cuidiú leis na teicneolaíochtaí is fearr insaothraithe leas tráchtála a bhaint amach. Le níos mó ná 6,000MW d'fhuinneamh tonnta acmhainneach ar chósta na hÉireann tá ESBI tiomanta de a chion a dhéanamh chun leas a bhaint as fuinneamh inathnuaite.

> “Tá sainacmhainní ESBI dírithe ar theicneolaíochtaí fuinnimh agus gréine de réir mar a thagann siad chun cinn chun cuidiú leis na teicneolaíochtaí is fearr insaothraithe leas tráchtála a bhaint amach.”

Ag Breathnú Chun Cinn

Táimid ag súil go leanfaidh ESBI ar aghaidh ag oibriú a shócmhainní go brabúsach i mbliana agus go mbeidh deiseanna ann leanúint ar aghaidh le fás agus forbairt an ESBI, go háirithe:

- Leanfaidh ESBIE ar aghaidh ag soláthar réitigh solúbtha iomaíocha fuinnimh dá chustaiméirí agus beidh sé go fóill ina phríomhsholáthróir neamhspleách maidir le seirbhís custaiméirí. Leathnóidh ESBIE ar a thairiscintí seirbhíse éifeachtúlachta fuinnimh do chustaiméirí agus féachfaidh sé le piocúlacht a chustaiméirí de cheannach fuinneamh ghlais a mhéadú go suntasach lena raon táirgí ‘Resource’.

- In Éirinn, leanfaidh ESBIG ar aghaidh ag barrfheabhsú a sheasamh intrádála i margaí breosla agus fuinneamh mórdhíola agus infhaighteacht a fhearas a uasmhéadú chun fuinneamh iomaíoch a sholáthar le haghaidh miondíola ag ESBIE. Oibreoidh sé a shócmhainní idirnáisiúnta chomh maith de réir na gcaighdeán is airde.

- Leanfaidh ESBI Engineering ar aghaidh ag soláthar príomhsheirbhísí innealtóireachta agus díreoidh sé ar ESBI Engineering a fhorbairt ina chroílár cumais innealtóireachta don Ghrúpa. Leanfaidh sé ar aghaidh chomh maith ag cuardach deiseanna fáis agus é ag comhlíonadh riachtanais na gcustaiméirí idirnáisiúnta atá aige cheana ag an am céanna. Ar na príomhdhúshláin beidh aimsiú na n-acmhainní oilte breise leis na spriocanna seo a chomhlíonadh.

- Leanfaidh ESBI FM ar aghaidh ag oibriú ar bhunús brabúis agus déanfaidh sé iarracht an gnó a fhorbairt agus a fhás go mór i margaí áirithe i 2008.

- Leanfaidh ESBI New Investments ar aghaidh ag forbairt roghanna fáis ábhair do Ghrúpa BSL. Beidh sé ag díriú go háirithe ar bhaint amach na ndeiseanna suntasacha tionscadail cumhachta teirmí san RA agus gníomhaíochtaí gnó ábhair inathnuaite a leathnú in Éirinn agus san RA. Déanfaidh sé iarracht chomh maith dul chun cinn a dhéanamh ar phríomhdheiseanna infheistíochta san Eoraip.

- Críochnóidh ESBI Feirm Gaoithe Thaobh na nEas i 2008 agus tosóidh sé tógáil ar dhá fheirm gaoithe eile le hacmhainn bhreise de 48MW. Leanfaidh gníomhaíocht mórthógála ar aghaidh ar shuíomh 840MW CCGT Marchwood, agus táthar ag dréim go dtosóidh sé ag oibriú ar bhonn tráchtála i 2009. Beidh sábháilteacht ina phríomhthosaíocht sna tionscadail seo agus iad ag díriú ar iad a sheachadadh de réir na gcaighdeán is airde, in am, agus de réir an bhuiséid.